Obair Bhaile Gaeilge



Leabhar 21

Ainm_____ Rang ___

Gaelscoil Uí Néill

Gaelscoil Uí Néill

Clár

	lth.
An Ghlasóg Shráide	2
An Madadh Rua agus an Chorr Éisc	3
Ainmfhocail	4
Aisiachtaí	6
Pádraig agus an Tarbh	8
Catach	9
Briathra	10
Réamhfhocail	12
Cleasanna	14
Éire Fadó – Aimsir na Lochlannach	15
Cónaisc	16
An Aimsir Chaite	18
Páipéar agus Páipéarachas	20
Crogaill	21
An Aimsir Láithreach	22
An Aimsir Fháistineach	24
An Corcán Coille	26
An Oíche a Thuirling na Marsaigh	27
Briathra Neamhrialta	28
Sean-Sabhdán	31
An Chiall Chéanna	32
Éin Oíche	34
An Dódó	36

Obair Bhaile 1

An Ghlasóg Sráide

Is éan gleoite dubh agus bán í an ghlasóg shráide. Ritheann sí thart in áit preabadh mar a dhéanann éin eile agus tugann a ruball seasamh di.

Is breá léi feithidí a ithe agus íosfaidh sí ceann ar bith a fheiceann sé ar an talamh. Bhéarfadh sí san aer orthu nó rithfeadh sí ina ndiaidh. Áit ar bith a bhfuil feithidí, beidh sí ann – cois cladaigh san fheamainn nó san aoileach i gclós na feirme. Is annamh a ceol shimplí a chloisteáil.

I bpoll nó i bhfál a dhéanann sí a nead. Bailíonn an chearc caonach agus duilleoga feoite agus cuireann sí fionnadh agus cumhach mar líneáil leis. Beireann agus gorann sí cúig nó sé ubh ina haonar ach tugann a céile cuidiú di chun iad a chothú. Nuair a thagann an dara hál, tugann an coileach aire don chuid is sine.

1. Cad é an dath atá ar an ghlasóg sráide?
2. Cén dóigh a mbogann an t-éan beag seo?
3. Cad é is maith leis an ghlasóg sráide ithe?
4. Ainmnigh dhá áit eile, seachas na sráide, a fheictear an ghlasóg.
5. Cá ndéanann an ghlasóg a nead?
6. Cá mhéad ubh a bheireann sí gach bliain, de ghnáth?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Bíonn an ghlasóg ag rí thart ar na sráideanna.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   i bpoll nó i bhfál a dhéanann sí a nead.

Obair Bhaile 2

An Madadh Rua agus an Corr Éisc

Bhí madadh rua ann fadó a bhí an-chairdiúil le corr éisc. Ba ghnách leo dul ar siúlóidí le chéile agus ba mhinic a thugadh siad bronntanais bheaga dá chéile ó am go ham.

Tráthnóna amháin, fuair an chorr éisc cuireadh tae ón mhadadh rua.

"Tá mise i mo chónaí ar imeall Choill na Beithe," a dúirt sé léi. "Lean bruach na habhann go dtí go dtéann sé thar an choill. Tar thart ar a sé!"

Tháinig an chorr éisc agus bhuail sé leis.

"Tá go leor sólaistí agam don tae," arsa an madadh rua. "Thig leat do rogha a bheith agat." Nuair a shuigh siad chun boird, áfach, is amhlaidh a bhí anraithí difriúla ar phlátaí móra éadomhaine ag an mhadadh rua. Ní raibh an chorr éisc bhocht ábalta braon amháin a ól lena ghob fada. D'ól an madadh rua féin gach braon di.

Thuig an chorr éisc ansin gur imir an madadh rua cleas uirthi. Gheobhaidh sí féin an ceann is fearr ar an madadh rua glic.

Dúirt sí leis: "Caithfidh tusa teacht go dtí mo theachsa don tae tráthnóna amárach."

Bhí go leor leithscéalta ag an mhadadh rua agus é ag rá nach dtiocfadh leis dul ach ní éistfeadh an chorr éisc leis.

"Tá mise i mo chónaí san áit a dtéann an abhainn isteach sa loch," a mhínigh an chorr éisc. "Tá tom mór fiailí ar an bhruach agus is istigh iontu sin atá mo neadsa. Tar nuair a bheidh an ghealach lán. Ná hith mórán i rith an lae mar beidh go leor bia agamsa don bheirt againn."

Tháinig an madadh rua ocrach in am. Ach nach raibh an bia ar fad thíos i ngloiní fada caola ag an chorr éisc agus ní raibh an madadh rua ábalta blaiseadh amháin de a fháil? D'ith an chorr éisc an bia ar fad!

Bhí an-díomá ar an mhadadh rua ach ní thiocfadh leis tada a rá ná a dhéanamh. Bhí sé tuillte go maith aige!

1. Cad é a ba ghnách leis an mhadadh rua agus an chorr éisc a dhéanamh go minic?
2. Cén t-am a tháinig an chorr éisc chuig teach an mhadaidh rua?
3. Cad é a bhí ann don tae i dteach an mhadaidh rua?
4. Cad chuige nach raibh an chorr éisc ábalta rud ar bith a ithe i dteach an mhadaidh rua?
5. Cad é a rinne an chorr éisc leis an cheann is fearr a fháil ar an mhadadh rua?
6. Cén sórt focail é *madadh*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá <u>meancóg litrithe</u> amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Bhí madú rua iontach mór le corr éisc.

8. Tá <u>meancóg phoncaíochta</u> san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Tá go leor sólaistí agam don tae," arsa an madadh rua.

Ainmfhocail

Tugann ainmfhocal ainm do dhuine, d’áit nó do rud.

arán	bréagán	capall
duilleog	éan	fuinneog
geata	hata	iasc
jíp	lacha	madadh
nathair	ochtapas	páirc
rás	sos	teach
úllord	veain	zú
tuirse	ocras	fearg
imní	eagla	tinneas
Oileán an Ghuail	Tír Eoghain	Éire
Seán	Nóra	Liam

Obair Bhaile 3

Tá ainmfhocal amháin ar a laghad i ngach abairt thíos. Cóipeáil na habairtí i do leabhar obair bhaile agus ciorclaigh an t-ainmfhocal nó na hainmfhocail i ngach abairt.

1. Chuaigh an gasúr chuig an siopa.
2. Thiomáin Daidí an carr go mall.
3. D'ith Síle an dinnéar a bhí ar an phláta.
4. D'ól Pól an bainne a bhí sa ghloine.
5. Tá na páistí ina gcónaí i mBéal Feirste.
6. Chuaigh Liam agus Nóra chuig an choill agus chonaic siad coinín, madadh rua agus gráinneog.
7. Bhí luchóga beaga sa teach agus fuair Mamaí cat mór chun iad a cheapadh.
8. Tá peann luaidhe, peann agus rialóir ag Ruairí ina chás ach níl cuimilteoir aige.
9. Thit na duilleoga de na crainn sa pháirc agus anois tá siad ina luí ar an talamh.
10. Má théann tú go Tír Chonaill feicfidh tú ba, caoirigh, cnoic, srutháin agus an fharraige.

rud áit duine

Aidiachtaí

Cuireann aidiacht síos ar ainmfhocal.

álainn	ard	bán	beag
bocht	bog	bómánta	breá
bréagach	buí	cainteach	cairdiúil
callánach	ceart	ciúin	contráilte
corcra	crua	dalba	deacair
dearg	deas	difriúil	dubh
éadrom	fada	fadálach	fíor
fliuch	folamh	fuar	furasta
gaofar	gasta	géar	glas
gorm	gránna	íseal	lag
láidir	lán	luath	maith
mall	milis	mór	óg
olc	ramhar	rua	saibhir
searbh	séimh	suimiúil	tanaí
te	tirim	tiubh	trom

Obair Bhaile 4

Tá aidiacht amháin ar a laghad i ngach abairt thíos. Cóipeáil na habairtí i do leabhar obair bhaile agus ciorclaigh an aidiacht nó na haidiachtaí i ngach abairt.

1. Tá an cailín mór sa charr beag.
2. Tá an gasúr ard ar an rothar buí.
3. Tá an crann beag ag fás sa ghairdín deas.
4. Tá an madadh mór sa pháirc bheag ag súgradh leis an liathróid ghorm.
5. Tá an cat dubh sa ghairdín deas ina luí faoin chrann ard.
6. Tá an cupán bán agus an pláta dubh ar an tábla sa seomra mór.
7. Tá an carr gasta ag taistil ar an bhóthar caol agus tá an ghrian gheal ag dul faoi.
8. Bhí an múinteoir sásta leis an scéal iontach a rinne an cailín maith.
9. Bhí an moncaí dalba ina shuí ar an chrann ard agus bhí sé ag ithe banana cuartha.
10. Bhí an gasúr cliste agus an cailín amaideach ar an trá fada ag súgradh leis an liathróid mhór.

Obair Bhaile 5

Pádraig agus an Tarbh

Lá den saol bhí Naomh Pádraig agus a chuid manach in aice leis an Chruach nuair a tháinig ocras an domhain orthu. Bhí orthu dul ag déircínteacht, ag lorg bia.

Chuala siad go raibh cónaí ar fhear saibhir sa cheantar, Cormac Dubh a bhí air. Bhí tarbh aige agus fonn air é a dhíol. Chuir an naomh fios ar Chormac agus d'fhiafraigh sé de cá mhéad a bhí de dhíth air don tarbh.

Tarbh fíochmhar a bhí ann. Mharaigh sé a lán daoine. Págánach a bhí ann agus ba chuma leis dá maródh an tarbh fear an chreidimh nua.

"Bíodh sé agat saor in aisce!" arsa Cormac leis. "Ach faigh tú féin é. Tá sé ar chúl an tí…"

Bhí Pádraig buíoch de. "Gheobhaidh mé an tarbh tráthnóna uait," ar seisean.

Chuaigh Pádraig go dtí an teach an tráthnóna sin.

"Cá bhfuil an tarbh?" ar seisean.

"Lean mise," arsa Cormac Dubh. "Ní fada uainn é…" Stad siad ag bun an bhóithrín. "Siúd thall anois é agus bíodh sé agat!" arsa Cormac agus straois air.

Nuair a chonaic an tarbh Pádraig thosaigh sé ag sodar go feargach ina threo. Cad é a rinne an naomh ach a bhachall a ardú? Stop an tarbh agus lean sé an naomh faoi mar a bheadh uan ann.

Nuair a shroich sé an baile, mharaigh na manaigh an tarbh. "Ithigí an fheoil," arsa Pádraig "ach fágaigí a sheithe agus a chnámha in bhur ndiaidh."

Seachtain dár gcionn, tháinig Cormac Dubh chuige agus é ag gearán gur bualadh bob air. "Más mar sin é bíodh an tarbh ar ais agat!" arsa Pádraig.

Fuair siad seithe agus cnámha an tairbh agus ghuigh Pádraig os a chionn. Dia linn, bhí an tarbh beo arís. Thug Cormac an tarbh abhaile leis agus iontas an domhain air. Chuaigh sé ar a ghlúine chun guí – shíl sé gur dia a bhí sa tarbh. Deirtear gur mharaigh an tarbh ar an toirt é!

1. Cá raibh Pádraig agus manaigh s'aige?
2. Cad é an t-ainm a bhí ar an fhear ar leis an tarbh é?
3. Scríobh síos aidiacht ón sliocht a chuireann síos ar an tarbh?
4. Cad é a shíl an fear a dhéanfadh an tarbh le Pádraig?
5. Faigh focal ón sliocht seo atá ar comhchiall le stop.
6. Faigh focal ón sliocht seo atá ar comhchiall le cheistigh.
7. Tá <u>meancóg litrithe</u> amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Thug an fear an tarú do Phádraig saor in aisce.

8. Tá <u>meancóg phoncaíochta</u> san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Dfhiafraigh sé den fhear cá mhéad a bhí ar an tarbh.

Obair Bhaile 6

Catach



Bolb beag glas a bhí i gCatach agus bhí sé ina chónaí faoi dhuilleog mhór cabáiste i ngairdín glasraí. Bhí sé ag amharc anonn ar phlandaí blasta leitíse ach ní thabharfadh a chosa beaga chomh fada sin é.

Ba leis an tSióg Mhaith an gairdín agus mhúsclódh sí na plandaí uilig gach maidin lena slaitín draíochta. Ní fhaca sí Catach riamh mar bhí sé an-bheag agus bhí an dath céanna air leis an chabáiste.

Maidin amháin, shéid leoithne gaoithe an tslat amach as lámh na Sióige agus thit sé anuas in aice le Catach.

"Ó! Go bhfóire Dia orainn!" a bhéic an tSióg. "Chaill mé mo shlaitín. Cá háit faoin spéir a bhfuil sé?"

Chuala Catach í agus seo leis ar a bholg go dtí an slaitín a bhí i bhfolach faoi dhuilleog mhór.

"Go raibh míle maith agat," arsa an tSióg Mhaith. "Tabharfaidh mé trí mhian duit anois mar luach saothair."

"Bhuel, ba mhaith liomsa bheith ábalta eitilt ionas go bhfeicfinn an chuid eile den ghairdín."

Chroith an tSióg a slaitín arís agus chonaic Catach go raibh dhá sciathán áille air.

"Do dhara mian anois," arsa an tSióg leis.

"Ba bhreá liomsa a bheith geal daite mar atá na bláthanna," a d'fhreagair an bolb. "Bheadh a bhfuil sa ghairdín ábalta mé a fheiceáil ansin."

Chroith an tSióg a slaitín agus tháinig dath breá buí ar an bholb.

"Cén tríú mian atá agat?" a d'fhiafraigh an tSióg.

"Ba mhaith liomsa go mbeidh gach bolb ábalta eitilt," arsa Catach.

"Ceart go leor," arsa an tSióg. "Féileacáin a thabharfaidh mé oraibh uilig."

Leis sin, d'éirigh na boilb uilig a bhí sa ghairdín san aer agus bhuail siad a gcuid sciathán le háthas. Bhí dathanna áille orthu – buí, gorm, dearg, agus bán. Bhí siad go hálainn.

Is mar gheall ar an tSióg Mhaith a bheidh gach bolb sa ghairdín ina fhéileacán lá éigin!

1. Cad é an dath atá ar Chatach?
2. Cé leis an gairdín ina gcónaíonn Catach?
3. Cad é a chaill an tSióg?
4. Cad é an chéad mhian a thug an tSíóg do Chatach?
5. Cad é an dara mian a thug an tSíóg do Chatach?
6. Cad é an tríú mian a thug an tSíóg do Chatach?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Faoileacáin a thabharfaidh mé oraibh uilig.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   "Cén tríú mian atá agat," arsa an tSióg.

Briathra

rud a dhéanann duine, gníomhaíocht

abair	amharc	bailigh	bain
beir	bí	bris	buail
caill	caith	ceannaigh	cluin
cruinnigh	cuir	déan	díol
druid	éist	fág	faigh
fan	feic	fiafraigh	fill
foghlaim	gabh	glac	glan
iarr	imigh	imir	inis
ith	labhair	las	lean
léigh	léim	múch	ól
oscail	rith	sábháil	scairt
scríobh	scrios	seas	siúil
suigh	tabhair	taispeáin	tar
téigh	tiomáin	tóg	tuig

Obair Bhaile 7

Tá briathar amháin ar a laghad i ngach sraith thíos. Cóipeáil na sraitheanna i do leabhar obair bhaile agus ciorclaigh an briathar nó na briathra.

1.	chuaigh	mór	fear	teach	éan	d'ól
2.	rinne	súil	ard	bán	le	cófra
3.	Liam	gasúr	rith	tháinig	as	déan
4.	srón	deas	maith	thóg	glan	crua
5.	shíl	inchinn	bosca	ar	amharc	íseal
6.	corcra	carr	scamall	chuir	Éire	roth
7.	salach	cluiche	ag	gránna	suimiúil	thit
8.	oscail	doras	Liam	glac	tine	faoi
9.	béal	scoil	thiomáin	obair	sráid	gasta
10.	clog	fadálach	tábla	shiúil	d'ith	beag

rud a dheánann tú

Réamhfhocail

Cuireann réamhfhocal síos ar shuíomh ruda.

ag	ar	as
chuig	de	do
faoi	i	idir
le	ó	roimh
sa	thar	tríd

Obair Bhaile 8

Tá réamhfhocal amháin i ngach sraith thíos. Cóipeáil na sraitheanna i do leabhar obair bhaile agus ciorclaigh na réamhfhocail.

1.	chuaigh	ar	teach	éan	d'ól
2.	rinne	súil	ard	bán	le
3.	Liam	gasúr	rith	tháinig	as
4.	faoi	deas	maith	thóg	glan
5.	shíl	inchinn	bosca	ag	amharc
6.	corcra	carr	scamall	chuir	thar
7.	salach	cluiche	sa	gránna	suimiúil
8.	oscail	chuig	Liam	glac	faoi
9.	béal	scoil	thiomáin	obair	chun
10.	fadálach	i	tábla	shiúil	d'ith



Obair Bhaile 9

Cleasanna

Bhí madadh rua ina chónaí ina aonar sa choill. Bhí an choill in aice le habhainn agus ba ghnách leis an mhadadh rua seilg a dhéanamh ar luchóga agus coiníní óga ar bhruach na habhann. Bhí siad ar fad scanraithe ón áit anois aige agus ní raibh cuid ar bith fágtha.

Bhí a fhios ag an mhadadh rua go maith go raibh a lán blúiríní blasta ar an taobh eile den abhainn ach cén dóigh a rachadh sé trasna? Ní raibh droichead ar bith ann agus níor mhaith leis a chosa a fhliuchadh!

Bhí smaoineamh maith aige lá. Chuaigh sé anonn go dtí Oscar an tAsal agus ar seisean leis: "Tá féar breá milis ar an taobh eile den abhainn. Tar liomsa agus taispeánfaidh mé duit é."

Ghabh Oscar a bhuíochas leis an madadh rua agus nuair a fuair siad áit thanaí san abhainn, shiúil Oscar trasna agus an madadh rua glic ar a dhroim. Thosaigh an t-asal ag ithe agus mharaigh an madadh rua coinín breá dá dhinnéar agus iad ar an taobh eile den abhainn.

Nuair a bhí a shá ite ag an madadh rua, níor mhaith leis fanacht leis an asal fadálach. Thosaigh sé ag tafann go hard agus ansin chuaigh sé féin i bhfolach. Rith an feirmeoir isteach sa pháirc.

"Tá madadh rua ag iarraidh mo shicíní a ghoid," a bhéic an feirmeoir crosta.

Ach nuair a d'amharc sé isteach sa pháirc, ní raibh ann ach an t-asal bocht. Dhíbir sé anonn thar an abhainn é la slat mór. Bhí an madadh rua i bhfolach agus a luaithe a chuaigh an t-asal isteach san uisce léim sé ar a dhroim arís.

"Cén fáth a raibh tú ag tafann mar sin?" a d'fhiafraigh Oscar go crosta.

"Níl a fhios agam," arsa an madadh rua glic. "Bím ag tafann i gcónaí nuair a bhíonn ocras orm."

Bhí a fhios ag Oscar go maith gur imir an madadh rua cleas air. Nuair a bhí sé amuigh i lár na habhann stop sé agus dúirt: "Caithfidh mé luí síos san uisce seo!"

"Ná déan sin!" a bhéic an madadh rua, "beidh mise báite! Cad chuige a gcaithfidh tú luí síos san uisce?"

"Níl a fhios agam," arsa an t-asal, "luím síos in uisce i gcónaí nuair a bhíonn ocras orm!"

Luigh sé síos san uisce agus thit an madadh rua isteach. Ní hiad cosa an mhadaidh rua amháin a bhí fliuch. Bhí an t-ádh air gur shroich sé an bruach ina bheo!

1. Cá raibh an madadh rua ina chónaí?
2. Cad chuige ar mhaith leis an mhadadh rua an abhainn a thrasnú?
3. Cad é an t-ainm a bhí ar an asal?
4. Cad é mar a chuaigh an madadh trasna na habhann?
5. Cad chuige a ndearna an madadh tafann ar an taobh eile den abhainn?
6. Cad é a tharla don mhadadh rua agus iad ag teacht ar ais?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Ní raibh coiníní ar bí fágtha ar thaobh amháin den abhainn.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   "Ná déan sin," arsa an madadh rua "beidh mé fliuch báite!"

Obair Bhaile 10

Éire Fadó – Aimsir na Lochlannach

Daoine trodacha cróga ó Chríoch Lochlann a bhí sna Lochlannaigh. Bhí Críoch Lochlann suite san áit a bhfuil an Ioruaidh, an tSualainn agus an Danmhairg sa lá atá inniu ann.

Mairnéalaigh den chéad scoth agus sar-longthógálaithe a bhí iontu. Ón bhliain 750 AD ar aghaidh, bhí na Lochlannaigh ag déanamh ionsaithe ar chóstaí na hEorpa ar fad, ó dheas chomh fada leis an Mheánmhuir. Thart ar 70 méadar ar fad a bhí a gcuid bád de ghnáth. Seol cearnach a bhí orthu agus dhá bhanc maidí rámha i ngach ceann. Bhíodh ceann dragain snoite ar thosach na loinge chun eagla a chur ar a naimhde.

Ar Oileán Reachrann, ar chósta Bhaile Átha Cliath, a rinneadh an chéad ionsaí Lochlannach ar Éirinn. Creachadh an mhainistir sa bhliain 795 A.D. Bhí Éire an-oiriúnach do na Lochlannaigh, mar bhí na bailte agus na mainistreacha go léir geall leis, cois farraige nó cois abhann agus, mar sin, bhí na Lochlannaigh ábalta a gcuid bád a thabhairt chomh fada leo. Bhí sé de bhua i mbád Lochlannach go dtiocfadh leo úsáid a bhaint aisti fiú amháin in uisce an-éadomhain. Is le linn tréimhse seo na Lochlannach a tógadh na Túir Chruinne atá le feiceáil chomh flúirseach in Éirinn. Thug na manaigh leabhair agus earraí luachmhara na mainistreach isteach sna Túir Chruinne chun iad a choinneáil slán ó na Lochlannaigh.

Ba ghnách le cabhlach na Lochlannach teacht isteach ar locha móra na hÉireann chun fothain a ghlacadh – Loch Rí agus Loch Éirne mar shampla. Le himeacht aimsire, thosaigh trádáil áirithe idir na hÉireannaigh agus na Lochlannaigh. Ghlac na Lochlannaigh leis an chreideamh Críostaí. Tógadh bailte Lochlannacha timpeall an chósta – Cé an Adhmaid, Luimneach agus an t-Inbhear Mór, mar shamplaí. Thosaigh siad ag trádáil le bailte poirt eile sa Bhreatain agus ar an Mhór-Roinn. Ornáidí óir agus airgid, seithí, tarra agus fionnadh is mó a thagadh ó chalafoirt Lochlannacha na hÉireann.

Bailte poirt Lochlannach ba ea Loch Garman agus Port Láirge fosta. Bhí cuan Loch Garman an-éadomhain agus, mar gheall air sin, thug na Lochlannaigh “Weis Fjord” – cuan an phluda – air. As sin a tháinig Wexford an lae inniu.

1. Cárb as na Lochlannaigh?
2. Cad é an fad de bháid na Lochlannach de ghnáth?
3. Cá huair a rinneadh an chéad ionsaí ar Éirinn?
4. Ainmnigh dhá loch a ba ghnách leis na Lochlannaigh teacht isteach in Éirinn.
5. Ainmnigh dhá bhaile Lochlannach in Éirinn.
6. Cén sórt focail é *bád*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá <u>meancóg litrithe</u> amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Thosaí siad ag trádáil le bailte poirt eile.

8. Tá <u>meancóg phoncaíochta</u> san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Tá Críoch Lochlann suite san áit a bhfuil an Ioruaidh, an tSualainn agus an danmhairg sa lá atá inniu ann.

Cónasic

Focal a cheanglaíonn dhá abairt le chéile

agus	ach	go
nach	gur	nár
a	atá	nuair a
mar	óir	cionn is
de bhrí	de bharr	as siocair
ar an ábhar	de thairbhe	de dheasca
toisc	mar gheall ar	

Obair Bhaile 11

Scríobh na habairtí seo i do leabhar obair bhaile agus ceangail iad le cónasc.

1. Tá an cat ag rith amach. Tá an madadh ag teacht isteach.
2. Tá an capall ag ithe féir. Tá ocras air.
3. Bhí an múinteoir crosta. Bhí na páistí ag amaidí.
4. Rinne mamaí bonnóga beaga. Bhí cuairteoirí ag teacht.
5. Bhí Síle ag scríobh scéil. Bhí sí ag scríobh go néata.
6. Thug Barra cic don liathróid. Scóráil sé cúl.
7. Chuir an feirmeoir na caoirigh isteach sa pháirc. Dhruid sé an geata.
8. Níor amharc Seán ar an teilifís. Níor éist sé leis an raidió.
9. Rinne Micheál amaidí sa seomra ranga. Ní fhaca an múinteoir é.
10. D'éirigh Bríd go luath. Ní raibh duine ar bith eile ina suí.

ceanglaíonn cónasc dhá phíosa eolais le chéile

An Aimsir Chaite

rud a tharla cheana féin

séimhiú (h speisialta**)**

nó

d’ roimh gutaí agus focail a thosaíonn le f

bhailigh	bhain	bhí	bhris
bhuail	chaill	chaith	cheannaigh
chonaic	chruinnigh	chuaigh	chuala
chuir	d’amharc	d’éist	d’fhág
d’fhan	d’fhiafraigh	d’fhill	d’fhoghlaim
d’iarr	d’imigh	d’imir	d’inis
d’ith	d’ól	d’oscail	dhíol
dhruid	dúirt	fuair	ghabh
ghlac	ghlan	labhair	las
lean	léigh	léim	mhúch
rinne	rith	rug	scairt
scríobh	scrios	shábháil	sheas
shiúil	shuigh	tháinig	thaispeáin
thiomáin	thóg	thug	thuig

Obair Bhaile 12

Scríobh na habairtí seo san aimsir chaite. Scríobh iad i do leabhar obair bhaile.

1. **Druid** sé an doras mar bhí sé fuar.
2. **Glac** mé am leis an obair a dhéanamh go cúramach.
3. **Glan** mamaí urlár na cistine mar bhí an madadh salach ag siúl air.
4. **Cuidigh** mo mhúinteoir liom.
5. **Críochnaigh** mé an obair ar dtús.
6. **Ceartaigh** an múinteoir an teist a rinne muid.
7. **Amharc** mé ar an teilifís inné.
8. **Fág** mé an teach go luath ar maidin.
9. **Éirigh** mé go luath ar maidin.
10. Bhí ocras an domhain orm agus **ith** mé cuid mhór do mo lón

séimhiú

d' roimh guta

d' roimh f

Obair Bhaile 13

Páipéar agus Páipéarachas



Baintear úsáid as páipéar ar go leor leor bealaí. Tugtar ticéad páipéir duit ar an bhus. Sa siopa milseán, bíonn páipéar ar na milseáin agus ar na seacláidí. Bíonn leabhair agus irisí déanta as páipéar. Ceannaigh leabhar agus íocfaidh tú as le nóta páipéir.

Stróic píosa nuachtáin agus amharc go géar ar an imeall stróicthe. An bhfeiceann tú na céadta ribí beaga? As snáithín adhmaid a dhéantar an chuid is mó de pháipéar an domhain.

Is san fhoraois a thosaíonn scéal an pháipéir mar sin. Leagtar na crainn agus tugtar go dtí an muileann sábhadóireachta iad. Gearrtar agus mionghearrtar ansin iad agus cuirtear na slisíní go dtí an muileann páipéar.

Bristear síos na slisíní agus bíonn snáithín agat. Níl de dhíth anois ach uisce agus ceimiceáin leis na snáithíní a ghreamú le chéile. Bíonn soláthar rialta uisce de dhíth ar muileann páipéir chun páipéar a dhéanamh.

Na laethanta seo, áfach, tá an-bhéim ar an athchúrsáil agus, in áit páipéar a dhéanamh ó adhmad, bailítear sean-nuachtáin agus sean-pháipéar chun páipéar nua a dhéanamh. Síleann daoine nach bhfuil an páipéar seo ar an chaighdeán céanna le páipéar nua-dhéanta, ach ní dhéanann páipéar athchúrsáilte dochar don timpeallacht.

1. Ainmnigh trí rud atá déanta as páipéar.
2. Cad é a fheicfidh tú má amharcann tú ar pháipéar stróicthe?
3. Cén áit a dtosaíonn scéal an pháipéir?
4. Cén áit a dtugtar na crainn leagtha?
5. Cad é a thugtar ar pháipéar atá déanta ó shean-nuachtán agus sean-pháipéar?
6. Cén sórt focail é *stróic?*

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Déanaimid páipéar ó ahdmad.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Ceannaigh leabhar agus Íocfaidh tú as le nóta páipéir.

Obair Bhaile 14

Crogaill

Cónaíonn an crogall i dtíortha trópaiceacha an domhain. Is maith leis achair uisce thanaí, aibhneacha a ghluaiseann go mall agus seascainn. Tá cosa scamallacha aige a chuidíonn leis siúl ar an talamh bog. Tá a shúile agus a phollairí níos airde ná an chuid eile den chloigeann s'aige. Bíonn sé ar snámh gan ach na súile agus na pollairí os cionn an uisce.

Seilgtear an crogall ar mhaithe lena sheithe chun bróga agus málaí a dhéanamh. Dá bharr sin, is speiceas i gcontúirt iad cuid de na speicis – an crogall Meiriceánach, an crogall Cúbach agus crogall na Níle ach go háirithe. Tá dlíthe ann a choisceann seilg an chrogaill in áiteanna.

Seo roinnt nótaí faoin reiptíl nár mhaith leat a bheith ag snámh in aon abhainn leis!

- Ní féidir gialla an chrogaill a oscailt le do lámha. Bheadh ringear de dhíth.
- Is san Afraic is mó a mhaireann an crogall.
- An crogall is marfaí ná crogall na Níle.
- 6 méadar ar fad atá sé, tá sé an-láidir go deo agus tá sé ábalta srónbheannach nó dobhareach a tharraingt isteach san uisce agus iad a bhá.
- Is maith leis an anglait a ithe, iasc a chreachann éisc eile. Dá n-imeodh an crogall in éag, d'íosfadh na hanglaití go leor speiceas éisc.
- Dála formhór na reiptílí, beireann an crogall uibheacha. Bíonn na huibheacha i bhfolach i nead bruscair nó i bhfolach sa ghaineamh. Tugann an crogall baineann aire don nead agus nuair a chloiseann sí na rudaí beaga ag gnúsachtach, tógann sí amach as an ghaineamh iad.
- Síltear go bhfuil an t-ailigéadar níos cairdiúla na an crogall.



1. Cá háit a ndéanann an crogall cónaí?
2. Cad é a dhéantar le seithe an chrogaill?
3. Cad é an fad de chrogall na Níle?
4. Cad é an crogall is marfaí?
5. Cé acu is cairdiúla, crogall nó ailigéadar?
6. Cén sórt focail é *láidir*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Is maith leis an chrogall éisc a oíche.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Tá an tailigéadar níos cairdiúla ná an crogall.

An Aimsir Láithreach

rud a tharlaíonn anois nó go minic

-ann -eann -aíonn -íonn

amharcann	bailíonn	baineann	beireann
bíonn	briseann	buaileann	cailleann
caitheann	ceannaíonn	cluineann	cruinníonn
cuireann	déanann	deir	díolann
druideann	éisteann	fágann	faigheann
fanann	feiceann	fiafraíonn	filleann
foghlaimíonn	gabhann	glacann	glanann
iarrann	imíonn	imríonn	insíonn
itheann	labhraíonn	lasann	leanann
léann	léimeann	múchann	ólann
osclaíonn	ritheann	sábhálann	scairteann
scríobhann	scriosann	seasann	siúlann
suíonn	tagann	taispeánann	téann
tiomnaíonn	tógann	tugann	tuigeann

Obair Bhaile 15

Cuir na briathra idir lúibíní san aimsir láithreach. Scríobh iad i do leabhar obair bhaile.

1. (Seas) an múinteoir ag an chlár dubh gach lá.
2. (Rith) an síota go hiontach gasta.
3. (Scríobh) Niamh litir chuig a peannchara go minic.
4. (Amharc) na páistí ar na cartúin gach oíche.
5. (Éist) Síle le popcheol ag an deireadh seachtaine.
6. ((Buail) an gasúr sin cailíní sa chlós, tá sé iontach dalba.
7. (Coinnigh) sé a pheann luaidhe sa chás peann luaidhe.
8. (Ceannaigh) sé milseáin leis an airgead a bhíonn aige.
9. (Críochnaigh) sí an obair bhaile go gasta gach oíche.
10. Muna bhfuil siad ábalta focal a litriú (aimsigh) siad é san fhoclóir.

anois

gach lá

go rialta

An Aimsir Fháistineach

rud a tharlóidh amach anseo

-faidh	-fidh	-óidh	-eoidh
amharcfaidh	baileoidh	bainfidh	béarfaidh
beidh	brisfidh	buailfidh	caillfidh
caithfidh	ceannóidh	cluinfidh	cruinneoidh
cuirfidh	déanfaidh	déarfaidh	díolfaidh
druidfidh	éistfidh	fágfaidh	fanfaidh
feicfidh	fiafróidh	fillfidh	foghlaimeoidh
gabhfaidh	gheobhaidh	glacfaidh	glanfaidh
iarrfaidh	imeoidh	imreoidh	inseoidh
íosfaidh	labhróidh	lasfaidh	leanfaidh
léifidh	léimfidh	múchfaidh	ólfaidh
osclóidh	rachaidh	rithfidh	sábhálfaidh
scairtfidh	scríobhfaidh	scriosfaidh	seasfaidh
siúlfaidh	suífidh	tabharfaidh	taispeánfaidh
tiocfaidh	tiomnóidh	tógfaidh	tuigfidh

Obair Bhaile 16

Cuir na briathra idir lúibíní san aimsir fháistineach. Scríobh iad i do leabhar obair bhaile.

1. (Amharc) mé ar an teilifís anocht.
2. (Léim) mé isteach sa slodán uisce seo.
3. (Éist) Seán lena phopghrúpa is fearr ar an raidió anocht.
4. (Rith) muid rás sa lá spóirt amárach.
5. (Bain) mé an rás.
6. (Coinnigh) mé an t-airgead sa bhosca taisce mar ba mhaith liom rothar nua.
7. (Imigh) mé liom anois mar tá mé dúdóite leis an chluiche seo.
8. (Cuidigh) mé libh muna dtuigeann sibh é.
9. (Éirigh) mé go mall amárach mar níl scoil ar bith ann.
10. (Ceannaigh) siad bréagáin leis an airgead a fuair siad don Nollaig.

amach anseo

sa todhchaí

Obair Bhaile 17

An Corcrán Coille

Is éin an-ghleoite iad na corcráin choille. Bíonn an coileach níos gile ná an chearc ach is annamh a fheictear an corcrán coille mar tá siad an-chúthail. Sa choillearnach is mó a mhaireann siad.

Déanann siad a lán damáiste do bhachlóga torthaí san earrach ach, amach sa bhliain, is torthaí agus feithidí is mó a itheann siad. Fanann an lánúin le chéile ar feadh a saoil agus is annamh a mheascann siad le héin eile.

Déanann siad an nead sa choill ag úsáideann siad fréamhacha míne dubha mar líneáil leis an nead. Beireann an chearc ó cheithre go sé ubh agus téann sí féin ar gor orthu. Tugann an dá thuismitheoir bia chuig na héin óga.

I ndiaidh cúpla seachtain, bíonn na héin óga réidh chun eitilte ach fanann siad cúpla mí in éineacht lena dtuismitheoirí.

1. Scríobh síos aidiacht amháin ón sliocht a chuireann síos ar an chorcrán coille.
2. Cá ndéanann an corcrán cónaí?
3. Ainmnigh dhá rud a itheann an corcrán.
4. Cad é a úsáideann an corcrán coille mar líneáil lena nead?
5. Cá mhéad ubh a bheireann an corcrán coille baineann de ghnáth?
6. Cén sórt focail é *fanann*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá <u>meancóg litrithe</u> amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Inné cúpla seachtain, bíonn na héin óga réidh chun eitilte.

8. Tá <u>meancóg phoncaíochta</u> san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Is éan an-ghleoite é an Corcrán coille.

Obair Bhaile 18

An Oíche a Thuirling na Marsaigh

Tráthnóna breá ciúin a bhí ann, tráthnóna Domhnaigh i Meiriceá, an 30ú Deireadh Fómhair, 1938. Bhí teaghlaigh sa bhaile agus páipéar á léamh acu nó iad ag éisteacht leis an raidió.

Bhí dhá chlár ar siúl an oíche sin a raibh tóir ag an phobal orthu. Sraith ghreannmhar a bhí i gceann acu agus dráma raidió a bhí sa cheann eile. Ba é an t-aisteoir agus an scríbhneoir, Orson Welles, a bhí i mbun an dráma. Bhí cáil air cheana féin. Bhí leagan drámata á chur i láthair aige d'úrscéal HG Wells, The War of the Worlds.

Bhí na héisteoirí ag dúil go mór leis ach níor thosaigh an dráma in am, ceol damhsa a bhí ar siúl ina áit.

Shíl daoine go raibh rud éigin cearr leis an chraoladh nuair a bhris bolscaire isteach ar an cheol agus splanc nuachta aige. Dúirt sé go raibh ollamh i ndiaidh a thabhairt faoi deara gur tharla pléascáin gháis ar Mhars. Tháinig tuairisc i ndiaidh tuairisce ansin. Bhí na héisteoirí ag éirí imníoch. Fógraíodh ansin gur thit dreigít in aice le Princeton, New Jersey agus gur maraíodh thart ar mhíle daoine go leith. Ansin, fógraíodh nach dreigít a bhí ann ach rud éigin déanta as miotal. Bhí Marsaigh istigh ann agus iad tagtha chun cath a chur ar an domhan!

Bhí an tuairisceoireacht chomh hiontach sin gur chreid beagnach gach duine go raibh ionsaí tosaithe. Faoina 9 a chlog an oíche sin, bhí eagla an domhan ar mhuintir na Stát Aontaithe.

D'imigh na céadta as a dtithe i Nua Eabhrac isteach sna páirceanna poiblí. I San Francisco, rith daoine amach chun breathnú ar an spéir. Chlúdaigh daoine iad féin le tuáillí fliucha – shíl siad go raibh na Marsaigh á n-ionsaí i bhfírinne.

Agus má bhí leabhar HG Wells léite acu bhí siad níos scanraithe go fóill. Is breá an cur síos atá ar na Marsaigh ann – níl aon smig orthu agus tá an béal V-cruthach. Chuaigh an dráma ar aghaidh. Baineadh preab as Orson Welles nuair a phlódaigh na póilíní isteach sa stiúideo raidió. Bhí na húdaráis buartha, bhí tranglaim tráchta gach áit agus daoine histéireacha ag rith go dtí na hospidéil. D'ordaigh siad don stáisiún a fhógairt nach raibh ann ach dráma raidió.

Rinneadh an fógra sin ceithre huaire sular tháinig deireadh leis an chlár. Ach níor shuaimhnigh sé sin an pobal. Cuireadh a thuilleadh fógraí amach – as sin go meán oíche.

1. Cén t-am den bhliain a bhí ann?
2. Cad é an seó raidió a bhí in ainm is a bheith ann?
3. Cén áit ar thit an chéad spáslong, dar leis an chlár raidió?
4. Cén chuma a bhí ar na Marsaigh, dár leis an chlár?
5. Luaigh rud ón sliocht a chuireann in iúl gur chreid na daoine go raibh ionsaí fíor ann?
6. Cad chuige ar cuireadh stop leis an chlár raidió?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Bhí an clár raidió bunaithe ar leor HG Wells, War of the Worlds.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Dimigh na céadta as a dtithe i Nua Eabhrac isteach sna páirceanna poiblí.

Briathra Neamhrialta

Ordú	Aimsir Chaite	Aimsir Láithreach	Aimsir Fháistineach
Tar	Tháinig	Tagann	Tiocfaidh
Téigh	Chuaigh Ní dheachaigh	Téann	Rachaidh
Déan	Rinne Ní dhearna	Déanann	Déanfaidh
Cluin	Chuala	Cluineann	Cluinfidh
Tabhair	Thug	Tugann	Tabharfaidh
Ith	D'ith	Itheann	Íosfaidh
Beir	Rug	Beireann	Béarfaidh
Faigh	Fuair Ní bhfuair	Faigheann	Gheobhaidh Ní bhfaighidh
Abair	Dúirt	Deir	Dearfaidh
Feic	Chonaic Ní fhaca	Feiceann	Feicfidh
Bí	Bhí Ní raibh	Bíonn Tá Níl	Beidh

Obair Bhaile 19

Cuir na briathra neamhrialta (idir lúibíní) san aimsir fháistineach. Scríobh iad i do leabhar obair bhaile.

1. (Tabhair sé) airgead di ar a breithlá.
2. (Ith sí) calóga arbhair maidin amárach.
3. (Deir mé) mo phaidreacha anocht.
4. (Déan sé) m'obair bhaile go cúramach anocht.
5. (Feic mé) mo chairde sa scoil Dé Luain.
6. (Téigh siad) abhaile ón scoil le chéile.
7. (Tar mé) ar scoil maidin amárach go mall.
8. (Faigh mé) rothar nua do mo bhreithlá.
9. (Bí muid) ag dul go Tír Chonaill ar ár laethanta saoire.
10. (Beir sé) an gasúr nuair a léimfidh sé de bhalla.
11. (Cluin sé) an t-amhrán is fearr liom ar an raidió anocht.

Tar Téigh

Déan Cluin

Tabhair Ith

Beir Faigh

Abair Feic

Bí

Obair Bhaile 20

Cuir na briathra neamhrialta (idir lúibíní) san fhoirm dhiúltach, is é sin, cuir an focal Ní rompu. Tabhair faoi deara go mbeidh ort an briathar neamhrialta a athrú. Scríobh iad i do leabhar obair bhaile.

1. Bhí mé ag sleamhnú ar an oighear.
2. Fuair m'aintín carr nua.
3. Chonaic mé tine mhór sa pháirc inné.
4. Rinne mo Mhaimeo bonnóga deasa dúinn.
5. Chuaigh muid go Gaillimh ar ár laethanta saoire.
6. Gheobhaidh muid múinteoir cineálta ar an bhliain seo chugainn.
7. Chonaic muid mac tíre ar an chnoc.
8. Chuaigh an rang chun na pictiúrlainne.
9. Rinne muid teist sa scoil agus bhí sé deacair.
10. Fuair mé airgead ó mo Mhaimeo agus gheobhaidh mé airgead ó mo Dhaideo fosta.

raibh

bhfuair

fhaca

dhearna

dheachaigh

bhfaighidh

Obair Bhaile 21

Sean-Sabhdán

Bhí seanmhadadh, tráth, ag aoire. Sabhdán ab ainm dó. Chaill Sabhdán a chuid fiacla uilig agus dúirt an máistir leis féin nach raibh aon mhaith ann níos mó. D'inis sé an scéal dá bhean. Chuala Sabhdán an comhrá agus tháinig imní air. Isteach leis sa choill le bualadh lena chara, an mac tíre.

"Éist liom," arsa an mac tíre. "Téann an t-aoire agus a bhean amach gach lá agus fágann siad an babaí ina luí cois claí. Tiocfaidh mise chun an babaí a fhuadach. Rith tusa i mo dhiaidh. Ligfidh mé don bhabaí titim agus iompróidh tusa slán sábháilte é. Sílfidh siad gur shábháil tú an babaí."

Agus sin díreach an rud a tharla agus, as sin amach, bhí saol an mhadaidh bháin ag Sabhdán. Ach tháinig an mac tíre, lá, agus d'iarr sé ar Shabhdán ligean dó uan a ghoid. Dhiúltaigh Sabhdán. "Caithfidh mé a bheith dílis do mo mháistir!" ar seisean. Bhí fearg ar an mhac tíre.

An lá dár gcionn, chuir an mac tíre cara leis, an collach, chuig an mhadadh agus teachtaireacht aige. "Tar go dtí an choill agus troidfidh an mac tíre leat!" Ní raibh de chara ag Sabhdán le tabhairt leis go dtí an choill ach cat na dtrí chos.



Agus an bheirt chara ag siúl tríd an choill, bhí a ruball san aer ag an chat agus shíl an mac tíre agus an collach gur claíomh a bhí ann. Bhí an cat chomh bacach sin gur shíl siad gur ag piocadh cloch den talamh a bhí sé chun caitheamh leo. Chuaigh an collach i bhfolach agus dhreap an mac tíre crann, agus eagla air. Nuair a tháinig Sabhdán agus an cat ní fhaca siad faic. Ach bhí cluas an chollaigh ag gobadh amach. "Luchóg!" arsa an cat agus léim sé ar an chluas. Theith an collach agus é ag béicigh: "Amharc sa chrann! Ar siúd an milleán!" Thug Sabhdán meatachán ar an mhac tíre sa chrann agus níor thug sé cead anuas dó go dtí gur gheall sé go mbeadh sé dea-mhúinte i gcónaí.

1. Cén sórt ainmhí é Sabhdán?
2. Cé a bhí ag Sabhdán mar chara?
3. Cad é an plean a bhí ag an mhac tíre?
4. Cad é an gar a d'iarr an mac tíre ar Shabhdán?
5. Cad chuige ar dhiúltaigh Sabhdán?
6. Cén sórt focail é *chuaigh*?

   ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Bhí faerg ar an mhac tíre leis an mhadadh.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   dhreap an mac tíre an crann

An Chiall Chéanna

amhail	cosúil le		álainn	galánta
amharc	féach		bealach	dóigh
áthas	sonas		cineál	sórt
caillte	ar strae		cloigeann	ceann
carr	gluaisteán		clois	cluin
cathaoir	suíochán		codladh	suan
ceapaim	sílim		difriúil	éagsúil
cleas	bob		fadálach	mall
clú	cáil		fearthainn	baiste
contúirteach	dainséarach		gach	achan
damáiste	dochar		gasta	tapa
duine	té		guth	glór
falsa	leisciúil		múscail	dúisigh
fann	lag		néal	scamall
farraige	muir		pioc	roghnaigh
go léir	uilig		rince	damhsa
léim	preab		scáfar	scanrúil
luath	moch		scairt	glaoigh
otharlann	ospidéal		simplí	furasta
pluid	blaincéad		sionnach	madadh rua
púca	taibhse		soilsiú	lonrú
spraoi	spórt		sona	sásta
srón	gaosán		tiontaigh	cas
stop	stad		tom	tor

Obair Bhaile 22

Athraigh an focal i gcló trom chuig focal a bhfuil an chiall chéanna aige. Scríobh na habairtí i do leabhar.

1. Ní fhaca mé an cat le fada an lae, caithfidh go bhfuil sé **ar strae**.
2. Is ainmhí **falsa** é an madadh sin,
3. Ní maith liom éirí go **moch** ar maidin.
4. Chuir daidí **pluid** sa bhreis ar an leaba mar bhí sé fuar.
5. **Stop** an traein ag an stáisiún.
6. Siúlann an eilifint go **mall**.
7. Cén **cineál** aimsire a bheidh ann amárach?
8. Tá na daltaí iontach **sona** mar níl obair bhaile acu.
9. Tagann an **madadh rua** amach san oíche.
10. Is maith liom éisteacht le scéalta atá **scáfar** ag Oíche Shamhna.

an chiall cheanna /

Obair Bhaile 23

Éin Oíche



Bhí meas ag na Sean-Ghréagaigh ar an ulchabhán. Bhí sé mar chompánach ag Aitéine, bandia na heagnaíochta. Ulchabhán atá mar shiombail inniu ag Cathair na hAithne.

Ach níl meas ar an ulchabhán gach áit. Drochthuar a bhí san ulchabhán in Éirinn na meánaoise – comhartha a thuar an bás.

Is furasta a thuiscint cén fáth a mbeadh an dá thuairim ann faoin éan seo. Bíonn siad ag seilg san oíche den chuid is mó agus itheann siad luchóga, éiníní, feithidí agus éisc in amanna. Is aisteach na héin iad faoi bhrat na hoíche. Eitlíonn siad go ciúin. Tagann siad agus imíonn siad – ní fios cá mbíonn a dtriall agus líontar an oíche leis an scréach.

Is deacair iad a fheiceáil i rith an lae. Bíonn siad i bhfolach faoi dhuilliúr nó istigh i gcrann. Nuair a fheicimid iad, bíonn siad ina suí go díreach agus cuma an duine ar an aghaidh – mar go bhfeiceann na súile roimhe i gcónaí. Ní féidir leis an ulchabhán a shúile a bhogadh, mar sin is ag stánadh a bhíonn sé, faoi mar go raibh fadhb á réiteach aige. Chun breathnú ar rud éigin atá ag gluaiseacht, ní mór dó a cheann a chasadh. Déanann sé é sin gan a chorp a bhogadh. Shílfeá go dtitfeadh an chloigeann de.

Tá radharc na súl go maith aige, de lá agus d'oíche. Is géarshúilí san oíche é, áfach. Bheadh an t-ulchabhán donn ábalta luchóg a fheiceáil 12 troithe uaidh i lár an lae ghlé.

Má tá an oíche chomh dubh le gual, ní haon mhaith iad na súile is fearr amuigh. Ach is féidir leis an scréachóg reilige teacht ar luchóg san fhéar de bharr na gcluasa.

Ní thuigimid cén dóigh a ndéanann sé sin. Bíonn cluasa móra uirthi ach cuidíonn a haghaidh léi chomh maith. Tá na cleití timpeall na súl i bhfoirm dioscaí agus bogann na dioscaí sin ar nós radair. Tá rudaí cosúil le cluasa ar bharr a chinn ag an cheann chait ach níl aon bhaint acu le héisteacht. Níl iontu ag cleití. Faoi bhun na gcleití atá cluasa na n-ulchabhán.

Má bhíonn an ghrian ag soilsiú, thiocfadh leis an ulchabhán do ghluaiseachtaí a leanúint agus a shúile druidte aige; leanfadh sé lena chluasa tú agus a cheann ag casadh i do threo. Amharcann sé seo greannmhar agus aisteach agus sin an fáth, b'fhéidir, go síltear go bhfuil olcas éigin ag baint leis an ulchabhán.

Má théann tú cóngarach dó, ullmhóidh sé é féin chun cosanta. Séideann an ceann cait a chleití agus cromann sé a cheann mar rabhadh roimh ionsaí a dhéanamh. Crapann sé a shúile agus amharcann sé amhail an diabhal. Déanann an scréachóg reilige a chloigeann a chasadh ó thaobh go taobh, séideann sé suas a scornach, ansin ligeann sé an t-aer aisti go glórach lena phollairí.

Muna mbacann tú leis an rabhadh sin, seans go n-eitleoidh sé chugat agus do chloigeann a bhualadh lena chrobh. Nó thiocfadh leis casadh ar a dhroim agus a chrobh amuigh aige. Is maith atá an t-éan creiche seo ábalta é féin a chosaint.

Tá eisceachtaí ann, ar ndóigh. Ní eitleoirí ciúine iad uilig agus ní sealgairí oíche iad go léir ach an oiread.

1. Cá huair a bhíonn an t-ulchabhán amuigh ag seilg?
2. Ainmnigh ceithre rud a itheann an t-ulchabhán.
3. An dtig le hulchabhán duine a leanúint lena shúile druidte?
4. An bhfuil ulchabháin sásta troid a dhéanamh más gá?
5. Cén dóigh a dtugann an ceann chait rabhadh?
6. An éan oíche gach ulchabhán?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Is aon oíche é an t-ulchabhán.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Tá radharc na súl go maith ag an ulchabhán, de lá agus doíche.



Obair Bhaile 24

An Dódó

Baineann scéal brónach leis an dódó bocht. Chuaigh sé in éag thart fá 300 bliain ó shin. Bhí cónaí air in Oileán Mhuirís ar feadh na blianta san Aigéan Indiach.

Tugadh dódó air, focal a chiallaíonn amscaí nó amaideach. Ní raibh sé ábalta eitilt, níor ghá dó é mar ní raibh naimhde aige go dtí gur tháinig na Portaingéalaigh sa bhliain 1590. Thug siadsan go leor ainmhithe nua go dtí an t-oileán, an moncaí, an cat, an madadh agus an mhuc.

Rinne na hainmhithe sin díobháil don dódó. Sciob na moncaithe a chuid uibheacha agus shatail na muca ar an nead. Mharaigh na cait agus na madaí na héin óga.

Faoin bhliain 1700 ní raibh dódó ar bith fágtha. Bhí deireadh leis an speiceas.



1. Cá huair a chuaigh an dódó in éag?
2. Cár chónaigh an dódó?
3. Cad é a chiallaíonn an focal dódó?
4. Ainmnigh ceithre ainmhí a thug na Portaingéalaigh chuig an Oileán Mhuirís.
5. Cén ainmhithe a mharaigh an dódó?
6. Cad é a rinne na moncaithe chun deireadh a chur leis an dódó?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

   Baineann scéal brónach leis an dódódó bocht.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

   Bhí cónaí air san Oileán Mhuirís san Aigéan Indiach.